

**PLEAN GNÍMH AGUS CAIRT**

**D'FHEIRMEOIRÍ**

**2009-2011**

## **Clár**

Cairt Do Chustaiméirí

Cairt D’Fheirmeoirí

Plean Gnímh

1. An Scéim Íocaíochta Aonair
2. Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste
3. An Scéim Leasa Bó Diúil
4. An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath (REPS)
5. An Scéim Luathscoir agus Shuiteála d’Fheirmeoirí Óga
6. Scéimeanna infheistíochta ar an bhfeirm
7. Deontais Choillteoireachta agus Scéimeanna Préimhe
8. An Scéim Sláinte Ainmhithe
9. Iarscríbhinn - Lamháltais

## **An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Cairt Do Chustaiméirí 2009 - 2011**

**Táimid tiomanta an tseirbhís is tráthúla, is éifeachtúla agus is cúirtéisí agus is féidir a sholáthar dár gcustaiméirí**

### **Ár dTiomantais Duitse**

Is mór againne go bhfreastalaímid ar do chuid riachtanas agus tá sé mar aidhm againn na nithe seo a bhaint amach trí:

- Eolas cuimsitheach ar gach scéim agus seirbhís i bhformáid atá éasca le húsáid a sholáthar.
- An tseirbhís is fearr is féidir agus comhairle chuiditheach a sholáthar.
- Spriocanna réalaíocha is féidir a bhaint amach a leagadh síos le haghaidh seachadadh seirbhíse a fhreastalóidh ar ionchais athraitheacha na gcustaiméirí.
- Caitheamh le gach duine ar bhealach ceart, cothrom, neamhchlaonta agus cúirtéiseach.
- Féachaint lena chinntiú go gcomhlíontar do chuid cearta maidir le cóir chomhionann arna mbunú ag reachtaíocht chomhionannais i seachadadh seirbhísí.
- An aidhm atá againn freastal ar aon riachtanas speisialta atá agat.

### **Cabhraigh Linn Cabhrú Leat trí**

- Uimhreacha tagartha a thabhairt nuair atá tú ag scríobh chugainn faoi iarratas nó ceist atá ann cheana féin.
- Uimhir teileafóin lae nó seoladh ríomhphoist a chur ar fáil i do chomhfhreagras má bhíonn sin ar fáil.
- Caitheamh leis an bhfoireann mar ba mhaith leat go gcaithfí leat féin.

### **Teagmháil a dhéanamh ar an Teileafón**

- Freagróidh an fhoireann do chuid fiosruithe teileafóin go tapa agus go béasach.
- Bíonn sé mar aidhm againn na glaonna a fhreagairt laistigh de mheán-am iomlán de **20 soicind**.
- Tabharfaimid ár n-ainm agus ainm na Rannóige ar ghlaigh tú.
- Déanaimid iarracht do chuid ceisteanna a fhreagairt ar an bpointe. Mura mbeimid in ann, geallaimid go dtógfaimid do chuid sonraí agus inseoimid duit cén uair is féidir bheith súil go gcloisfidh tú uainn arís.
- Déileálfar le teachtaireachtaí fágtha ar shaoráidí guthphoist go tapa agus, nuair is gá, freagrófar glaonna laistigh de **lá oibre amháin**.

### **Teagmháil trí Litir nó Ríomhphost**

- Freagrófar comhfhreagras i dteanga shimplí agus shoiléir laistigh d'uasmhéid **20 lá oibre**.
- Nuair nach féidir é sin a dhéanamh eiseofar freagra eatramhach chugat laistigh de **10 lá oibre** le sonraí teagmhála an duine atá ag déileáil le do chomhfhreagras agus an dáta is féidir leat bheith ag súil le freagra iomlán.
- Má bhaineann do chomhfhreagras le hábhar a thiteann laistigh de dhualgas comhlachta phoiblí eile, seolfaimid an comhfhreagras chuig an gcomhlacht sin agus cuirfimid ar an eolas tú dá réir sin.

- Úsáideoidh an fhoireann uilig freagraí ríomhphoist uathoibrithe nuair a bheidh siad as an oifig.

### **Cruinnithe**

- Eagrófar cruinnithe, nuair is féidir, ag am a oireann duit agus ní choinneoidimid tú ag fanacht gan ghá.
- Nuair is féidir soláthróimid seomraí cruinnithe príobháideacha chun do cheist a phlé.
- Déanfaimid iarracht do cheisteanna a fhreagairt go hiomlán. Mura mbeimid in ann, eagróimid glaoch a chur ort nó scríobh chugat más fearr leat sin.
- Cinnteoidimid go gcomhlíonfaidh ár gcuid oifigí na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta gairme.
- Cinnteoidimid go mbeidh ár gcuid oifigí agus seirbhísí inrochtaine do dhaoine faoi mhíchumas.

### **Foinsí Eolais**

- Leanfaimid ag déanamh fógraíochta mar is cuí ar fhorbairtí suntasacha inár scéimeanna agus seirbhísí.
- Eagróimid cruinnithe eolais poiblí ar mhórathruithe i bpolasaithe agus/nó in oibríochtaí nuair is cuí.
- Soláthróidh ár láithreán gréasáin eolas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí na Roinne agus ar ár scéimeanna agus seirbhísí ar fad.
- Táimid tiomanta dár seirbhísí ar líne a fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach. Áireofar air sin saoráid chun clárú le haghaidh seirbhísí leictreonacha na Roinne atá ann anois agus a bheidh ann sa todhchaí agus chun nuashonruithe a fháil trí ríomhphost agus/nó an tseirbhís gearrtheachtaireachtaí (SMS).

### **Seirbhís i nGaeilge**

- Leanfaimid ag forbairt seirbhísí chun freastal ar chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Foilseofar ár dTuarascáil Bhliantúil, Ráiteas Straitéise, Cairt Chustaiméirí, Plean Gnímh Do Custaiméirí, Plean Gnímh agus Cairt D’Fheirmeoirí agus leabhrán Scéimeanna agus Seirbhísí i nGaeilge agus i mBéarla araon.

### **Aiseolas agus Luacháil**

- Táimid tiomanta dul i gcomhairle lenár gcustaiméirí agus luacháil a dhéanamh ar ár seirbhísí.
- Tá Nós Imeachta Gearán ó Chustaiméirí foirmiúil againn chun freagairt a thabhairt ar ghearáin maidir le seachadadh ár seirbhísí agus tiomantais.
- Déileálfar le gach gearán go tapa, go cothrom agus go neamhchlaonta.
- Déanfaimid feidhmíocht a thomhas agus a mheas in aghaidh tiomantais sa Chairt agus coinneoidimid faoi athbhreithniú iad chun ár seirbhís a fheabhsú go leanúnach.
- Déanfaimid suirbhé rialta ar ár gcustaiméirí maidir le caighdeán na seirbhísí a sholáthraímid agus tuairisceoidimid ar ár bhfeidhmíocht sa Tuarascáil Bhliantúil.

### **Is féidir leatsa cabhrú linn trí**

- Tuairimí, gearáin nó moltaí faoin seirbhís a fuair tú a sholáthar.
- Aon fhoirmeacha suirbhé chustaiméirí a chuirimid chugat a chomhlánú agus í a sheoladh ar ais.

Aonad Seirbhís Cáilíochta  
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia,  
Ionad Gnó Grattan,  
Bóthar Bhaile Átha Cliath,  
Port Laoise,  
Co. Laoise.

Teil: 057 8694331  
Faics: 057 8694387

**Ríomhphost:** [qualitycustomerservice@agriculture.gov.ie](mailto:qualitycustomerservice@agriculture.gov.ie)

Bealtaine 2009

## **An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Cairt Do Chustaiméirí**

### **Ár dTiomantas don Chustaiméir Feirmeora**

Sa bhreis ar na tiomantais a rinneadh inár gCairt Do Chustaiméirí, bainfidh na tiomantais seo a leanas leis an gCustaiméir Feirmeora:

- Déileálfar le hiarratais ar scéimeanna agus le héilimh i gceart, go seasta, go cothrom agus go neamhchlaonta de réir théarmaí agus choinníollacha na scéime ábhartha
- Bunófar cinntí ar cad atá ábhartha sna rialacha agus sna rialacháin a rialaíonn teidlíochtaí faoi gach scéim
- Déanfar cinntí agus íocaíochtaí laistigh de na spriocdhátaí a comhaontaíodh faoi *Phlean Gnímh agus Cairt D'fheirmeoirí* na Roinne
- Soláthrófar eolas cothrom le dáta ar scéimeanna d'fheirmeoirí ar bhealach éasca
- Nuair is cuí, beidh eolas le haird a tharraingt ar theorainneacha ama nó ar choinníollacha a d'fhéadfadh dícháilíocht nó pionós a bheith mar thoradh orthu mura dtugtar faoi deara iad, i dteannta le foirmeacha iarratais
- Soláthrófar eolas cothrom le dáta ar nósanna imeachta achomhairc mura n-éiríonn le hiarratas nó má chuirtear pionós i bhfeidhm
- Comhoibreoidh foireann na Roinne go hiomlán le haon achomharc

### **Cigireachtaí ar an bhFeirm**

Maidir le cigireachtaí ar an bhfeirm a dhéanann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, bainfidh na prionsabail seo a leanas le haon córas feidhmiúcháin agus beidh siad lárnach ann:

- Beidh nósanna imeachta córa, cothroma, cionmhara agus trédhearcacha.
- Déanfar caighdeánú ar an gcur chuige a mhéid agus is féidir ar fud gach limistéir den tír
- Beidh sé ráthaithe go mbeidh sé de cheart ag an iarratasóir athbhreithniú nó achomharc ar chinneadh a lorg má chuireann sé isteach uirthi/air
- Déanfar nósanna imeachta a shimpliú a mhéid agus is féidir d'fhonn an leibhéal is airde tuisceana i measc chliaint feirmeoirí a chinntiú

Tá nósanna imeachta na gcigireachtaí leagtha amach i dtéarmaí agus coinníollacha gach scéim.

Chomh maith leis sin, cinnteoidh an Roinn iad seo leanas:

- Oiliúint leordhóthanach a thabhairt don fhoireann agus eolas a bheith acu ar an riachtanas caitheamh leis an bhfeirmeoir leis an méid measa agus is féidir agus go cothrom
- Go gcaithfidh an fhoireann éadach cuí ag gach tráth
- Go ndéanfar gach iarracht chun cur chuige aonfhoirmeach a bhaint amach maidir le comhlíonadh cheanglas na gcigirí a dtugann cuairteanna ar an bhfeirm
- Cinnteoidh an Roinn go gcuirfear oiliúint ar an bhfoireann maidir le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta ábhartha dá gcuid oibre chigireachta
- Is féidir fógra 14 lá a thabhairt le haghaidh incháilitheachta talaimh agus cigireachtaí tras-chomhlíonta lena mbaineann SMRanna seachas iad sin a

bhaineann le céannacht agus clárú ainmhithe, bia, beathú agus leas ainmhithe ar an gcoinníoll nach gcuirfidh an fógra sin isteach ar chuspóir na cigireachta

- Is é an t-uasfhógra roimh ré is féidir a thabhairt le haghaidh seiceálacha a bhaineann le céannacht agus clárú ainmhithe ná 48 uair ar an gcoinníoll go bhfuil an Roinn sásta nach gcuirfear isteach ar chuspóir na cigireachta
- D'fhéadfadh nach dtabharfaí fógra roimh ré le haghaidh SMRanna a bhaineann le bia, beathú agus leas ainmhithe
- Go n-úsáidfean an leibhéal uasta cianbhraite
- Go ndéanfar cigireachtaí ar an bhfeirm a lánpháirtiú an méid agus is féidir
- Ní chuirfear moill ar íocaíocht nuair nach bhfuil an chigireacht tras-chomhlíonta tugtha chun críche
- Leanfaidh cigirí a thugann cuairt ar ghabháltas córas tuairiscithe caighdeánaithe chun cinnteoireacht sheasta a chinntiú agus go gcaitear go cothrom le gach feirmeoir a dtugtar cuairt orthu
- Is féidir roinnt imeachtaí/eachtraí (nuair a sháraíonn siad SMRanna) a mheas mar imeachtaí/eachtraí gan choinne nó mion-imeachtaí/eachtraí atá in ann tarlú in imthosca feirme phraiticiúla
- Seachas imthosca gan choinne, tabharfar gach seiceáil incháilitheachta chun críche faoin dáta atá beartaithe le haghaidh tús a chur le híocaíochtaí agus a chinntiú go n-íocfar gach iarratas soiléir agus bailí ón dáta sin
- Sa chás go dtarlaíonn neamhchomhlíonadh tabharfar torthaí na cigireachta i dtuarascáil scríofa don iarratasóir nó dá (h)ionadaí nuair is féidir.

### **Slánaíocht Dlíteanais Phoiblí**

Ba chóir d'fheirmeoirí a thabhairt ar aird go bhfuil an Roinn clúdaithe ag Slánaíocht Stáit maidir lena chuid fostaithe nó nochtadh dlíteanais phoiblí a bhaineann lena chuid oifigeach i mbun a gcuid dualgas oifigiúil ag suíomh ar bith.

### **Conas gearán a dhéanamh**

Oibreimid go crua chun freastal ar ionchais agus riachtanais ár gcustaiméirí.

Má tá tú míshásta le aon ghné dár seirbhísí agus tiomantais seirbhísí ginearálta, téigh i dteagmháil le do thoil le bainisteoir líne na réimse lena mbaineann a fhiosróidh an t-ábhar ar do shon.

Is féidir leat scríobh díreach chuig an Aonad Seirbhís Cáilíochta freisin.

Tabharfaimid admháil ar do ghearán laistigh de **3 lá oibre** agus déanaimid iarracht déileáil le do ghearán laistigh de **20 lá oibre**. Má theastaíonn uainn níos mó taighde a dhéanamh cuirfimid ar an eolas tú agus déanfaimid iarracht é a bheith críochnaithe laistigh de **30 lá oibre**. Is féidir mionsonraí iomlána a fháil inár [Nós Imeachta Gearán ó Chustaiméirí](#).

Is féidir gearáin a dhéanamh chomh maith faoin Aonad Imscrúdaithe Speisialta (SIU) Cód Cleachtas (tá cóip dó sin le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne). Is féidir gearáin den sórt sin a sheoladh díreach chuig an Aonad Seirbhís Cáilíochta freisin.

Is féidir gearáin a ardú ag an gCoiste Monatóireachta maidir leis na saincheisteanna thuas.

Tá mionsonraí teagmhála don Aonad Seirbhís Cáilíochta le fáil ar leathanach 5.

Má cheapann tú nár réitíodh do ghearán go sásúil is féidir leat dul i dteagmháil le **hOifig an Ombudsman, 18 Sráid Líosan Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Teil. (01) 678 5222: LoCall 1890 22 30 30: ríomhphost: [ombudsman@ombudsman.gov.ie](mailto:ombudsman@ombudsman.gov.ie)**

#### **Nósanna Imeachta Athbhreithnithe**

Nuair nach mbíonn feirmeoirí sásta leis an toradh a fhaigheann siad ón iarratas a rinne siad ar an scéim, is féidir leo, ar an gcéad dul síos, athbhreithniú ar an gcinneadh a lorg. Is féidir athbhreithnithe a lorg ó bhainisteoir na scéime ar leith lena mbaineann. I gcás Íocaíochtaí Aonair, ba chóir athbhreithnithe tosaigh a sheoladh chuig

An tAonad Aoníocaíochta,  
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh, agus Bia,  
Oifigí an Rialtais,  
Bóthar Mhainistir Laoise,  
Port Laoise,  
Co. Laoise.  
Lo-Call: 1890-200506  
Teil: 057 8674400

#### **Nósanna Imeachta Achomhairc**

Mura réitíonn sé seo an cas chun sástacht an fheirmeora, is féidir achomhairc a dhéanamh chuig an **Oifig Achomhairc Talmhaíochta**.

Déileálann an Oifig Achomhairc Talmhaíochta le hachomhairc faoi na scéimeanna seo a leanas

- An Scéim Íocaíochta Aonair
- An Scéim Liúntais Cúitimh do Limistéar faoi Mhíbhuntáiste
- An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath (REPS)
- An Scéim Luathscoir
- Scéimeanna Feirmeoireachta Orgánach
- Scéimeanna Infheistíochta ar an bhFeirm
- Scéim na bhFiontar Malartach
- Clár Feabhsúcháin Feirme (lena n-áirítear Gairneoireachta)
- Scéim do Chúnamh Suiteála
- An Scéim Leasa Bó Diúil
- Gnéithe Neamh-Luachála den Scéim Luacháil ar an bhFeirm i gcomhair Imoibrithe Eitinne agus Brúsalóise (lena n-áirítear An Scéim Deontas Dídhaonraithe, An Scéim Deontas Cruatain agus An Scéim Fhorlónadh Ioncaim)
- Scéim na mBarr Fuinnimh Náisiúnta (le héifeacht ó Bealtaine 2009)

Tá foirmeacha iarratais le fáil ar láithreán gréasáin na hOifige Achomhairc Talmhaíochta ag: [www.agriappeals.gov.ie](http://www.agriappeals.gov.ie) nó ag oifigí áitiúil na Roinne. Ba chóir athbhreithnithe a sheoladh chuig

An Oifig Achomhairc Talmhaíochta,  
Cúirt Choill Mhinsin,  
Portlaoise,  
Co. Laoise  
Lo-Call: 1890-671671



Teil: 057 8667167

Leanfar le hiarrachtaí chun Scéimeanna Foraoiseachta a chur leis an liosta scéimeanna a dhéileáil An Oifig Achomhairc Talmhaíochta leo. Beidh sé riachtanach é a achtú mar reachtaíocht phríomhúil.

Idir an dá linn, ba chóir achomhairc Foraoiseachta a dhéanamh chuig:

An tAonad Achomharc,  
An tSeirbhís Foraoiseachta,  
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh, agus Bia,  
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin,  
Co. Loch Garman.  
Lo-Call: 1890 200 223  
Teil: 053 916 5520

Ag deireadh an nós imeachta achomhairc, má cheapann tú nár déileáil le d'achomharc mar is cuí is féidir leat cúnaimh a lorg ón Ombudsman trí theagmháil a dhéanamh le **hOifig an Ombudsman, 18 Sráid Líosan Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Teil. (01) 678 5222: LoCall 1890 22 30 30: ríomhphost:**

[ombudsman@ombudsman.irigov.ie](mailto:ombudsman@ombudsman.irigov.ie)

#### **Cabhraigh Linn Cabhrú Leat**

*Is féidir leat cabhrú linn Seirbhís ar Ardchaighdeán a sholáthar duit trí na treoirlínte simplí seo a leanas a leanúint:*

- Uimhreacha tagartha a thabhairt, nuair is féidir, i ngach comhfhreagra agus cumarsáid leis an Roinn agus comhfhreagra i scríbhinn a dhátú
- Eolas iomlán a chur ar théarmaí agus coinníollacha na scéimeanna sula líontar foirmeacha iarratais
- Foirmeacha iarratais a chomhlánú go cúramach agus go hinléite
- Eolas cruinn agus soiléir a sholáthar agus na doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fad a chur ar aghaidh
- Seiceáil go bhfuil na hiarratais comhlánaithe go hiomlán agus sínithe
- Cuir iarratais ar aghaidh in am dóthanach roimh an dáta deiridh agus coinnigh cruthúnas ar phostáil
- Cinntigh go seoltar comhfhreagra chuig an seoladh ceart
- Cuir ar an eolas muid maidir le haon athrú in imthosca a bhféadfadh tionchar a bheidh acu ar ár gcinneadh
- Tabhair freagra tapa ar aon fhiosrúchán nó iarratas maidir le haon eolas breise mar thaca le hiarratais

*Le do thoil caith leis an bhfoireann leis an leibhéal céanna cúirtéise a mbíonn tú ag súil leis uainn.*

#### **Monatóireacht Chairte**

- Bunófar Coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean Gnímh agus Cairt D'fheirmeoirí
- Déanfaidh cathaoirleach neamhspleách cathaoirleacht ar an gCoiste
- Ceapfaidh an tAire an Cathaoirleach tar éis comhchomhairle a dhéanamh le heagraíochtaí feirmeoireachta na Comhpháirtithe Sóisialta

- Déanfar ionadaíocht ar eagraíochtaí feirmeoireachta na Comhpháirtithe Sóisialta agus ar An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh, agus Bia ar an gCoiste
- Tiocfaidh an Coiste le chéile trí huair sa bhliain nó eile mar a comhaontaíodh
- Is féidir leis an gCoiste scrúdú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhíse agus spriocamanna íocaíochta maidir le scéimeanna nua nó athruithe ar thiomantais Cairte.

**Déanfaidh an Coiste monatóireacht ar**

- Dhul chun cinn i dtreo na ngnóthachtálacha a baineadh amach ó thaobh spriocanna íocaíochta/cinntí a bunaíodh faoin bPlean Gnímh agus Cairt
- Dul chun cinn i dtreo gnóthachtálacha agus feidhmiú spriocanna eile a bunaíodh faoin bPlean Gnímh agus Cairt
- Chaighdeáin seirbhíse maidir leis na scéimeanna a bhaineann leis an Plean Gnímh agus Cairt

Soláthróidh an Roinn eolas dóthanach don Choiste Monatóireachta chun go mbeidh sé in ann a ról a chomhlíonadh go héifeachtach.

Bealtaine 2009

**PLEAN GNÍMH AGUS CAIRT**

**D'FHEIRMEOIRÍ**

**2009-2011**

## 1. AN SCÉIM ÍOCAÍOCHTA AONAIR (SPS)

### Foirmeacha Iarratais

- Leanfar ag coinneáil an fhoirm iarratais chomh héasca agus is féidir ag cur riachtanais rialacháin san áireamh
- Rachaidh an Roinn i gcomhairle leis na gcomhpháirtithe sóisialta feirmeoireachta sula dtabharfar í chun críche. Beidh na sonraí iomchuí ar fad a bhíonn ar fáil don Roinn réamhphriontáilte ar fhoirmeacha sula n-eiseofar iad
- Leanfaidh an Roinn ag leathnú úsáid na teicneolaíochta go háirithe maidir le hiarratais a chomhadú ar líne. Ba chóir go n-oibreodh na heagraíochtaí comhpháirtithe sóisialta feirmeoireachta go dlúth leis an Roinn chun an méid úsáide agus is féidir a bhaint as an modh éifeachtach agus éifeachtúil seo maidir le hiarratais a dhéanamh as dearcadh na Roinne agus an fheirmeora araon. Maidir leis sin, is é an comh-chuspóir ná líon na n-iarratas a chuirtear isteach ar-líne a ardú go dtí 30,000 ar a laghad in 2009 agus 40,000 in 2010.

### Dátaí Iarratais

- Rachaidh na comhpháirtithe sóisialta feirmeoireachta i gcomhairle gach bliain maidir le dáta deiridh oiriúnach ag cur riachtanais feirmeoirí agus acmhainneachtaí próiseála san áireamh chomh maith le spriocamanna dlíthiúla atá leagtha síos do Scéimeanna atá maoinithe nó páirtmaoinithe ag an AE
- Ag cur an riachtanas sonraí cruinne a sholáthar san áireamh, déanfaidh an Roinn a dícheall an tréimhse iarratais a oscailt chomh luath agus is féidir gach bliain.

### Nós Imeachta i leith déileáil le fadhbanna

Díreofar aird an iarratasóra ar fhadhbanna iarratas a thugtar faoi deara le linn seiceálacha riaracháin ar an bhfoirm iarratais don Íocaíocht Aonair chomh luath agus is féidir tar éis iad a aimsithe– agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 Meán Fómhair nó 14 lá tar éis iad a aimsithe má aimsítear iad tar éis 15 Meán Fómhair. Má fhreagraíonn an t-iarratasóir laistigh de 14 lá agus ar an gcoinníoll go bhfuil an freagra leordhóthanach chun na fadhbanna atá fós gan réiteach a réiteach, críochnófar an t-iarratas le haghaidh íocaíochta roimh an spriocdháta. Beidh sé mar aidhm ag an Roinn na fadhbanna ar fad a réiteach roimh 15 Meán Fómhair.

Réiteofar fadhbanna ag úsáid an nós imeachta seo a leanas:

| Céim   | Gníomh na Roinne   | Gníomh an Fheirmeora  |
|--|--|---|
| <b>1. Fadhb tugtha faoi deara le linn seiceálacha riaracháin</b> | <b>Fógra</b><br>Litir chuig an iarratasóir ag leagan amach an cineál faidhbe agus na hiarmhairtí is dócha a bheidh ann mura réitítear í. | Iarrtar ar an iarratasóir freagra a thabhairt chomh luath agus is féidir.                             |
| <b>2. Ní fhreagraíonn an t-iarratasóir laistigh de 14 lá</b>     | <b>Meabhrúchán</b><br>Litir meabhrúcháin don iarratasóir de réir céim 1 thuas, ag lorg freagra láithreach.                               | Iarrtar ar an iarratasóir freagra a thabhairt arís trí mhíniú nó soiléiriú a thabhairt ar an bhfadhb. |

Cuirfear aon fhreagra a thugann an t-iarratasóir ag Céim 1 nó 2 san áireamh sula ndéanfar cinneadh. Mura bhfaightear freagra laistigh de 14 lá den dháta a eisíodh an meabhrúcháin déanfar cinneadh ar fhíricí an cháis. Ní chuirfidh sé seo isteach ar cheart an iarratasóra athbhreithniú ar an gcinneadh a lorg i bhfianaise breis eolais nó soiléiriú a chur isteach.

### **Seiceálacha ar an bhFeirm**

In aon bhliain ar leith, maidir le feirmeoirí a bheidh roghnaithe le haghaidh cigireachta, déanfar dhá chineál seiceáil chun an Scéim Íocaíochta Aonair a chur i bhfeidhm - Seiceálacha Incháilitheachta agus Tras-Chomhlíonta.

### **Seiceáil Incháilitheachta**

Ar an gcéad dul síos tá sé riachtanach seiceálacha incháilitheachta caighdeánacha a dhéanamh ar 5% de na feirmeoirí atá ag déanamh iarratais don Scéim Íocaíochta Aonair.

Déanfar na seiceálacha seo chun:

- A dheimhniú go bhfreagraíonn an limistéar iarbhír atá dearbhaithe san fhoirm iarratais don Scéim Íocaíochta Aonair don limistéar iomlán atá ar fáil don iarratasóir an 31 Bealtaine agus a chinntiú nach bhfuil aon éileamh ag forluí nó ag dúblú ar a chéile.
- A dheimhniú nach ndearnadh treabhadh ar thailte atá dearbhaithe mar thailte féarach buan agus nár úsáideadh iad chun barra curaíochta a fhás;
- A dheimhniú go ndearnadh laghdaithe cuí do na limistéir neamh-incháilithe ar fad ar nós scrobarnach, foirgnimh feirme, bealaí bóthair srl.
- A dheimhniú gur cuireadh an talamh ar fad a ndearnadh feirmeoireacht air san áireamh san iarratas nó go ndearnadh comhaontú cíosa i scríbhinn agus a bheidh ar fáil do chigireacht le haghaidh talaimh a ndéantar feirmeoireacht air ach nach mbaineann leis.

Déantar seiceálacha incháilitheachta freisin ar Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste agus an An Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath.

### **Seiceálacha Tras-Chomhlíonta**

Tá na seiceálacha tras-chomhlíonta neamhspleách ar sheiceálacha incháilitheachta (seiceálacha limistéar) agus cuirfear aon smachtbhannaí tras-chomhlíonta i bhfeidhm tar éis incháilitheachta a bhunú. Tá sé riachtanach go gcríochnófaí na seiceálacha incháilitheachta ar fad roimh íocaíocht a dhéanamh. Mar sin féin, ní chuirfear moill ar íocaíocht nuair nach bhfuil an chigireacht tras-chomhlíonta tugtha chun críche.

Baineann dhá phríomhghné le Tras-chomhlíonadh:

- Riachtanach d'fheirmeoirí roinnt Ceanglais Bhainistithe Reachtúla (SMRanna) atá leagtha síos i reachtaíocht AE (Treoracha agus Rialacháin) a chomhlíonadh maidir leis an gComhshaoil, an bPobal, sláinte Ainmhithe agus Plandaí, agus Leas Ainmhithe agus
- Riachtanach talamh a choinneáil de réir Dea-Choinníollacha Talún agus Comhshaoil (GAEC). Chomh maith leis sin tá dualgas ar an mBallstát a chinntiú nach bhfuil aon laghdú suntasach ar an méid talún faoi fhéarach buan.

Tá na caighdeáin SMR agus GAEC éagsúla leagtha síos sa Leabhrán/Leabhráin dar teideal ‘The Single Payment Scheme – Guide to Cross Compliance’ – agus tá na bearta atá le seiceáil liostáilte sa bhileog eolais “What to expect if you are selected for a cross-compliance inspection” a eisíodh chuig gach feirmeoir i Lúnasa 2007. Tá na leabhráin/bileoga eolais ar fad le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne le híoslódáil.

Baineann an réimeas tras-chomhlíonta freisin le hiarratais faoi Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste agus faoi Scéim REPS 4. Cuirfear aon pionós Tras-Chomhlíonta i bhfeidhm freisin ar íocaíochtaí faoi na Scéimeanna seo nuair is rannpháirtí é an t-iarratasóir i gceann amháin nó i bpéire de na scéimeanna.

#### **Leibhéal na Seiceálacha Tras-Chomhlíonta**

Is é an leibhéal riachtanach cigireachta ar an bhfeirm le haghaidh **tras-chomhlíonta ná** 1%. Mar sin féin caithfear cigireacht a dhéanamh ar 5% de tháirgeoirí ar a laghad faoin gCéannacht Bó-Ainmhithe agus Riachtanas Chláraithe mar go bhfo-ordaítear an leibhéal faoi na Rialacháin atá ann faoi láthar. Faoi na rialacháin Rialaithe ó thaobh rialú caorach caithfear cigireacht a dhéanamh ar 3% de tháirgeoirí ar a laghad ag clúdú 5% d’ainmhithe.

#### **Nós Imeachta i leith Fógraí**

Is féidir fógra 14 lá a thabhairt le haghaidh cigireachtaí incháilitheachta talún agus tras-chomhlíonta lena mbaineann SMRanna seachas iad sin a bhaineann le haithint agus clárú ainmhithe, bia, beathú agus leas ainmhithe.

Maidir le seiceálacha a bhaineann le haithint agus clárú ainmhithe, is é an uasfhógra roimh ré ná 48 uair, ar an gcoinníoll go bhfuil an Roinn sásta nach gcuirfear isteach ar chuspóir na cigireachta. Maidir le SMRanna a bhíonn ag déileáil le bia, beathú agus leas ainmhithe, d’fhéadfadh nach dtabharfaí fógra roimh ré.

Maidir le cigireachtaí nach tugadh aon fhógra dóibh, sula dtosaíonn an chigireacht, soláthróidh an Roinn Talmhaíochta cárta don fheirmeoir a leagann amach na sonraí maidir le fógra na cigireachta atá léirithe thuas agus tabharfar deis don fheirmeoir gnéithe de na cigireachtaí a chur siar ar feadh 48 uair nó 14 lá mar is cuí.

Coinneofar formáid an fhógra faoi athbhreithniú agus is féidir athruithe a chomhaontú trí chomhairleacháin idir an Roinn agus eagraíochtaí feirme. Cuirfidh na cigirí in aithne iad féin nuair a thagann siad, taispeánfaidh siad aitheantas agus inseoidh siad an chúis atá leis an gcuairt. Míneoidh an cigire an nós imeachta don fhógra agus don chigireacht go dtí go bhfuil sé/sí sásta go dtuigeann an t-iarratasóir/a (h)ionadaí é. Mura féidir leis an t-iarratasóir bheith i láthair is féidir leis/léi cibé duine ar mian leo a roghnú chun ionadaíocht a dhéanamh air/uirthi.

Nuair nach bhfuil aon duine i láthair nuair a thagann cigire gan fógra a bheith tugtha tiocfaidh sé/sí ar ais arís. Mura bhfuil aon duine i láthair ar an dara cuairt, cuirfidh an cigire glaoch ar an iarratasóir agus cuirfidh sé/sí an duine sin ar an eolas go bhfuil sé/sí roghnaithe le haghaidh cigireachta agus go ndéanfar an chigireacht sin ar shláinteachas bia, beathú agus seiceála cha leasa láithreach. Tabharfaidh an cigire rogha don iarratasóir na gnéithe eile den chigireacht a thabhairt chun críche laistigh de 48 uair nó láithreach más mian don iarratasóir é sin a dhéanamh. Nuair nach féidir aon

teagmháil a dhéanamh leanfaidh an cigire ar aghaidh leis na gnéithe nár fógraíodh ag tabhairt aird ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta agus fágfaidh sé/sí nóta ag léiriú cúis na cuairte mar aon le sonraí teagmhála agus deimhniú go dtiocfaidh sé/sí ar ais laistigh de 48 uair chun an chigireacht a chríochnú.

Má chuirtear moill mhíchuí ar chigire ag cigireacht roimhe seo déanfar teagmháil leis an iarratasóir ar an nguthán chomh luath agus is féidir agus ní níos déanaí ná 1 uair ón am a bhí leagtha amach don chigireacht agus mura féidir an chigireacht a dhéanamh ar an lá sin déanfar socrú eile, go hiondúil i gcomhairle leis an iarratasóir.

### **Cur chuige i leith Seiceálacha**

Nuair is féidir déanfar seiceálacha trí sampláil. Dá bhrí sin, nuair a thabharfar fógra maidir le cigireacht a bhaineann le heallaí a aithint agus a chlárú de ghnáth ní bheidh sé riachtanach eallaí a locadh agus ní bheidh locadh riachtanach ach amháin nuair a thugtar fadhbanna faoi deara. I gcás caoirigh de ghnáth beidh locadh riachtanach le haghaidh sampla caorach. Nuair a bheidh clárú ainmhithe á sheiceáil beidh sonraí ag an oifigeach imscrúdaithe maidir leis an tréad agus déanfaidh sé/sí crostagairt ar na sonraí leis an gclár/pasanna agus duillíní ábhartha.

### **Seiceálacha Tras-Chomhlíonta a thuirisciú**

Críochnóidh an t-oifigeach imscrúdaithe Foirm Tuarascála Cigireachta tar éis gach cigireacht. Tabharfar deis don iarratasóir an Tuarascáil Achoimre Iarratas Imscrúdaithe Aonair a shíniú agus tuairimí a thabhairt air más mian leis/léi. Má fhaightear neamhchomhlíonadh cuirfear an t-iarratasóir nó a (h)ionadaí ar an eolas faoi cad a fuarthas agus faoi cén tionchar a bheidh ag na torthaí ar shain-riachtanais na scéime. Nótálfar aon tuairim a thabharfaidh an t-iarratasóir i dtuarascáil an chigire agus cuirfear san áireamh iad sa phróiseas cinnteoireachta.

Nuair atá an leibhéal neamhchomhlíonta a fhaightear níos airde ná na leibhéil lamháltas a leagadh síos (féach Iarscríbhinn le do thoil) cuirfear smachtbhanna i bhfeidhm, agus cinneofar an leibhéal seo (1%, 3%, 5% nó eile) as fad, tromchúiseacht agus buanaíocht an neamhchomhlíonta agus stair na cigireachta le trí bliana anuas. Caithfear a thabhairt san áireamh chomh maith má rinneadh an neamhchomhlíonadh trí fhaillí nó d'aon ghnó.

Faoin réimeas nua nuair a chuirtear lamháltas i bhfeidhm ar dtús cuirfear an feirmeoir ar an eolas maidir leis an neamhchomhlíonadh. Mura féidir an neamhchomhlíonadh a réiteach láithreach, is é an teorainn ama le haghaidh aon neamhchomhlíonadh a meastar go bhfuil sé ag an leibhéal lamháltas ná 3 mí ó dháta na cigireachta agus léireofar é seo don iarratasóir. Tabharfaidh an t-iarratasóir fógra don Roinn trí fhoirm tuarascála chaighdeánaithe maidir leis an ngníomh feabhais a rinneadh, laistigh de 3 mí ó dháta na cigireachta, nó leanfar le cur i bhfeidhm pionós de 1% agus leanfar le cur i bhfeidhm na gnáth rialacha athdhéanta. Déanfar seiceálacha chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil réiteach faighte ar an neamhchomhlíonadh. Is féidir leis na seiceálacha seo a bheith i bhfoirm seiceálacha riaracháin nó eile.

Nuair nach gcomhlíontar na ceanglais bhainistithe reachtúla nó na dea-choinníollacha talmhaíochta agus comhshaoil ag aon tráth in aon bliain féilire agus go bhfuil an neamhchomhlíonadh atá i gceist mar thoradh ar ghníomh nó neamhghníomh inchurtha go díreach i leith an feirmeora a sheol isteach an iarratas cúnaimh sa bhliain féilire atá

i gceist, déanfar líon iomlán na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú a laghdú nó a chealú. Cuirfear é seo i bhfeidhm freisin nuair a bhíonn an neamhchomhlíonadh atá i gceist mar thoradh ghníomh nó neamhghníomh inchurtha go díreach i leith an duine a d'aistrigh talamh talmhaíochta chucu/uathu.

## **Saincheisteanna Ginearálta**

### **Dea-choinníollacha Talún agus Comhshaoil**

Nuair a dhéanann feirmeoirí cinneadh gan ainmhithe a choinneáil ar a ngabháltas, tá dualgas orthu mar sin féin a dtalamh a choinneáil de réir Dhea-choinníollacha Talún agus Comhshaoil. Is éard a bhíonn i gceist leis sin de ghnáth ná barr-bhearradh a dhéanamh ar an talamh i rith an tséasúir fáis. Mar sin féin, beidh cead ag feirmeoirí den sórt sin ainmhithe a thógáil ó fheirmeoir eile agus iad a chur ar a ngabháltas féin lena chinntiú go gcomhlíontar riachtanais na nDea-Choinníollacha Talún agus Comhshaoil (GAEC) ar an gcoinníoll go dtabharfar fógra roimh-ré faoi ghluaiseachtaí den sórt sin don Oifig Tréadliachta Ceantair (DVO) áitiúil.

### **Údaráis Rialaithe**

Tá freagracht phríomhúil ar an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh, agus Bia, an Ghníomhaireacht Íocaíochta Creidiúnaithe de chuid an AE, a chinntiú go ndéantar an leibhéal riachtanach de chigireachtaí tras-chomhlíonta. Cé go luíonn feidhmiú agus forfheidhmiú na dTreoracha agus na Rialachán a bhíonn mar bhonn taca le tras-chomhlíonadh le hÚdaráis Rialaithe éagsúla, déanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh, agus Bia seiceálacha comhlíonta, i gcomhthéacs scéimeanna íocaíochtaí dhíreacha.

### **Íocaíochtaí**

Leanann Rialacháin reatha an AE ag foráil go ndéanfar íocaíochtaí uair sa bhliain laistigh den tréimhse ón 1 Nollaig go dtí 30 Meitheamh an bhliain dar gcionn. Ceadaíonn na Rialacháin don Choimisiún Eorpach chomh maith íocaíocht a údarú maidir le dul chun cinn imthosca áirithe.

Déanfar íocaíocht i gcásanna incháilitheachta sa chéad bhabhta íocaíochtaí a thosóidh an 1 Nollaig. I gcásanna ina bhfuil fadhbanna leis an iarratas atá fós gan réiteach déanfar an íocaíocht, dé réir mar atá leagtha síos i rialacha an AE, roimh an 30 Meitheamh ar an gcoinníoll gur fhreagair an t-iarratasóir aon cheisteanna a chuir an Roinn agus ar an gcoinníoll go raibh an fhreagairt leordhóthanach chun réiteach a fháil ar na deacrachtaí a bhí fós gan réiteach.

Nuair a údaraíonn an Coimisiún Eorpach réamhíocaíochtaí a dhéanamh déanfar réamhíocaíocht i ngach cás incháilitheachta sa chéad bhabhta íocaíochtaí a thosóidh ar an dáta a údaraíodh na réamhíocaíochtaí.



## 2. SCÉIM DO LIMISTÉAR FAOI MHÍBHUNTAÍSTE

### Nós Imeachta i leith déileáil le fadhbanna

Díreofar aird an iarratasóra ar fhadhbanna iarratas a thugtar faoi deara le linn seiceálacha riaracháin ar an bhfoirm iarratais don Íocaíocht Aonair chomh luath agus is féidir tar éis iad a aimsiú– agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 Meán Fómhair nó 14 lá tar éis iad a aimsiú má aimsítear iad tar éis 15 Meán Fómhair. Má fhreagraíonn an t-iarratasóir laistigh de 14 lá agus ar an gcoinníoll go bhfuil an freagra leordhóthanach chun na fadhbanna atá fós gan réiteach a réiteach, críochnófar an t-iarratas le haghaidh íocaíochta roimh an spriocdháta. Beidh sé mar aidhm ag an Roinn na fadhbanna ar fad a réiteach roimh 15 Meán Fómhair.

Réiteofar fadhbanna ag úsáid an nós imeachta seo a leanas:

| Céim   | Gníomh na Roinne   | Gníomh an Fheirmeora  |
|--|--|---|
| <b>1. Fadhb tugtha faoi deara le linn seiceálacha riaracháin</b> | <b>Fógra</b><br>Litir chuig an iarratasóir ag leagan amach an cineál faidhbe agus na hiarmhairtí is dócha a bheidh ann muna réitítear í. | Iarrtar ar an iarratasóir freagra a thabhairt chomh luath agus is féidir.                             |
| <b>2. Ní fhreagraíonn an t-iarratasóir laistigh de 14 lá</b>     | <b>Meabhrúchán</b><br>Litir meabhrúcháin don iarratasóir de réir céim 1 thuas, ag lorg freagra láithreach.                               | Iarrtar ar an iarratasóir freagra a thabhairt arís trí mhíniú nó soiléiriú a thabhairt ar an bhfadhb. |

Cuirfear aon fhreagra a thugann an t-iarratasóir ag Céim 1 nó 2 san áireamh sula ndéanfar cinneadh. Mura bhfaightear freagra laistigh de 14 lá den dháta a eisíodh an meabhrúcháin déanfar cinneadh ar fhíricí an cháis. Ní chuirfidh sé seo isteach ar cheart an iarratasóra athbhreithniú ar an gcinneadh a lorg i bhfianaise breis eolais nó soiléiriú a chur isteach.

### Cigireachtaí

Déanfar cigireachtaí a chomhtháthú a mhéid agus is féidir le cigireachtaí scéimeanna eile. Dé réir Rialachán AE iomchuí, déanfar gach cigireacht a thionscnamh roimh na híocaíochta. De réir mar is gá le Rialachán iomchuí an AE, roghnófar 5% de thairbhíthe le haghaidh cigireachtaí ina ndéanfaidh an Roinn gach iarracht chun barrfheabhas a chur ar líon na seiceálacha incháilitheachta ag baint úsáide as cianbhraiteacht, gan dearmad a dhéanamh ar na bacainní chun a chinntiú go gcomhlíonfar na riachtanais maidir le seiceálacha incháilitheachta agus tras-chomhlíonta na Scéime Íocaíochta agus REPS sa sampla foriomlán a roghnaíodh.

### Saincheisteanna Comhlíonta

Is iad na príomhcheisteanna neamhchomhlíonta a thagann chun cinn gach bliain maidir le thart ar 2% d'iarratasóirí ná stocleibhéal íseal, botúin i ndearbhuithe limistéar agus gan dóthain méid sna gabháltais.

Téann an Roinn i gcomhairle le heagraíochtaí feirme maidir le saincheisteanna comhlíonta a thagann chun cinn.

Comhoibreoidh foireann na Roinne go hiomlán i leith aon achomhairc a dhéanann iarratasóirí chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta nó chuig an Ombudsman.

### **Íocaíocht**

Déanfaidh an Roinn gach iarracht tús a chur le híocaíochta chomh luath agus is féidir i Meán Fómhair gach bliain ag cur san áireamh an gá atá ann cloí leis an riachtanas sa Rialachán rialaithe de chuid an AE a fhorálann go gcaithfear na seiceálacha incháilitheachta ar fad a chríochnú sular féidir tús a chur le híocaíochtaí iomlán.

### **3. SCÉIM LEASA AINMHITHE, CUNTAIS AGUS PÓRAITHE LÉ HAGHAIDH TRÉAD DIÚIL (SCÉIM LEASA BÓ DIÚIL)**

Ní mór d'iarratasóirí:

1. Nuair a thabharfar fógra dó/di faoi chigireacht ar an bhfeirm, ba chóir dó/di a chinntiú go mbeidh sé/sí i láthair don chigireacht nó ionadaí a ainmniú ina (h)áit chun cabhrú leis an oifigeach imscrúdaithe.
2. Na hainmhithe atá ina n-ábhar don Scéim Leasa Bó Diúil a dheighilt agus iad a chur i láthair don chigireacht go haonair, chomh maith lena gcuid pasanna.
3. Áiseanna láimhseála agus díghalraithe cearta a sholáthar.
4. Socrú a dhéanamh chun go mbeidh a dóthain cúnaimh ag an oifigeach/oifigigh imscrúdaithe le go bhféadfaí gach ainmhí a shrianadh agus a rialú a dhóthain chun an chigireacht a éascú.
5. Gach ceist ábhartha a fhreagairt agus aon doiciméid iomchuí a chur ar fáil a iarrtar le linn nó tar éis na cigireachta gan aon mhoill.

Beidh gach cigireacht ina ábhar tuarascála agus tabharfar deis don iarratasóir nó do a (h)ionadaí an tuarascáil a shíniú ag léiriú go raibh sé/sí i láthair ag an gcigireacht agus is féidir leis/léi a gcuid tuairimí a thabhairt más mian leo. D'fhéadfadh go mbeadh cigireachtaí nach dtabharfaí aon fhógra dóibh riachtanach in imthosca áirithe. Má roghnaítear iarratas le haghaidh cigireachta, caithfear an chigireacht a chríochnú.

#### **Pionóis**

1. Nuair nach gcloítear le téarmaí agus coinníollacha na scéime cuirfear pionós/smachtbhanna cuí i bhfeidhm.
2. Cuirfidh pionóis airgid, a bhainfidh le sáruithe sonracha áirithe den scéim, i bhfeidhm.
3. D'fhéadfadh go n-asbhainfí na suimeanna pionóis as íocaíochtaí amach anseo a bheidh dlite aon iarratasóir faoin scéim seo nó as íocaíochtaí a bheidh dlite faoi scéimeanna eile. Nuair nach n-íocfar pionóis airgid nó nach bhfaightear iad laistigh den tréimhse iarrtha, is féidir leis an Roinn cibé gníomh a thógáil a mheastar a bheith riachtanach chun iad a fháil.
4. Nuair a fhaightear iarmhair de shubstaintí atá coiscthe faoi Threoir 96/23/ED ón gComhairle, nó iarmhair de shubstaintí údaraithe ag an Treoir sin ach a n-úsáidtear go neamhdhleathach ar an ngabháltas in aon fhoirm nó nuair a chuireann an t-iarratasóir bac ar imscrúdú a bhaineann le iarmhair den sórt sin, ní bhfaighidh sé/sí aon íocaíocht ón scéim don bhliain féilire nuair a tharlaíonn brath, toradh nó bac den sórt sin. Nuair a athdhéanann sé/sí sárú den sórt sin, is féidir é/í a choinneáil amach as an scéim ar feadh suas le cúig bliana ón mbliain a bhfuarthas an sárú a athrinneadh.

#### **Achomhairc**

I gcásanna ina gcuirtear pionós neamhchomhlíonta i bhfeidhm, tabharfar 21 lá oibre d'iarratasóirí tar éis fógra foirmiúil a fháil ón Roinn, ina bhféadfar athbhreithniú a iarraidh i scríbhinn ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus tabhair cúiseanna maidir le cén fáth nár cheart aon pionós a fhorchuireadh a chur i bhfeidhm. Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas faoi thoradh an athbhreithnithe i scríbhinn. Ní chuireann sé seo isteach ar chearta an iarratasóra faoin Acht um Achomhairc Talmhaíochta 2001.

## **Íocaíocht**

Déanfaidh an Roinn iarracht íocaíochtaí a dhéanamh le hiarratasóirí chomh tapa agus is féidir, ag tabhairt san áireamh riachtanas na seiceálacha incháilitheachta ar fad a chríochnú roimh a chuirfear tús le híocaíochtaí. Déanfar íocaíochtaí ar bhonn leanúnach, de réir mar a incháilítear ainmhithe i.e. nuair a bhainfear den diúl iad agus nuair a bhíonn eolas ar imeachtaí ainmhithe in ord.

#### 4. AN SCÉIM UM CHAOMHNÚ AN CHOMHSHAOIL FAOIN TUATH (REPS)

##### REPS 3

- Leanfar ag déanamh íocaíochtaí faoi REPS 3 ag tús gach bliain conartha.
- Ceadófar iarratas bailí bliantúil (Foirm 1C) le haghaidh íocaíochta laistigh de 8 seachtaine.
- Eiseofar íocaíocht laistigh de 4 seachtaine tar éis ceadú a fháil.
- Seolfaidh an Roinn amach foirm iarratais maidir le híocaíocht bhliantúil (Foirm 1C), ach tá dualgas ar an rannpháirtí an fhoirm iarratais íocaíochta a fháil agus é a sheoladh ar aghaidh roimh an dáta dlite iomchuí.
- Is iad na ceantair a dhearbhaítear ar an gCóras Riaracháin agus Rialaithe Comhtháite (IACS) amháin a bhreithneofar le haghaidh íocaíochta.
- Déanfar pionóis a thabhu mura gcomhlíonfar téarmaí agus coinníollacha na scéime.

##### REPS 4 –Rannpháirtí Nua

- Iarratas ar an Scéim Íocaíochta Aonair (SPS) a sheoladh chuig an *Aonad Aoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh, agus Bia, Oifigí an Rialtais, Bóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise* roimh an 15 Bealtaine.
- Caithfear an iarratas REPS agus an plean feirme a chur isteach chuig oifig áitiúil AES na Roinne roimh an 15 Bealtaine chun a bheith incháilithe i gcomhair íocaíochta sa bhliain féilire céanna.
- Beidh dáta cothrom bliana an 1 Eanáir ag gach Conradh i REPS 4.

##### REPS 4 –Éileamh ar íocaíocht bhliantúil

- Iarratas ar an Scéim Íocaíochta Aonair (SPS) (lena n-áirítear éileamh íocaíochta REPS 4) a sheoladh chuig an *Aonad Aoníocaíochta, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh, agus Bia, Oifigí an Rialtais, Bóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise, Co. Laoise* roimh an 15 Bealtaine.
- Má bhíonn an t-Iarratas ar an Scéim Íocaíochta Aonair deireanach (lena n-áirítear éileamh íocaíochta REPS 4) cuirfear an leibhéal céanna pionóis a bhaineann le hiarratais deireanacha don Scéim Íocaíochta Aonair i bhfeidhm ar an íocaíocht REPS freisin.

##### REPS 4 – Íocaíochtaí

- Bainfidh íocaíochtaí leis an tréimhse i ngach bliain féilire nuair a bhíonn an rannpháirtí i REPS 4.
- Próiseálfar agus íocfar 75% den íocaíocht, ach amháin nuair nach bhfuil aon ghníomh leanta ag teastáil, nuair a chríochnófar gach seiceáil riaracháin le haghaidh REPS agus an Scéim Íocaíochta Aonair. Is é an sprioc ná na seiceálacha riaracháin den sórt sin a chríochnú faoi lár mí Dheireadh Fómhair.
- Próiseálfar agus íocfar 25% den íocaíocht, ach amháin nuair nach bhfuil aon ghníomh leanta ag teastáil, nuair a chríochnófar na seiceálacha ar an láthair REPS don bhliain. Is é an sprioc ná cigireachtaí den sórt sin a chríochnú faoi lár mí na Nollag.
- Is iad na ceantair a dhearbhaítear ar an gCóras Riaracháin agus Rialaithe Comhtháite (IACS) amháin a bhreithneofar le haghaidh íocaíochta.
- Déanfar pionóis a thabhu mura gcomhlíonfar téarmaí agus coinníollacha na scéime.

### **REPS 5% seiceáil ar an láthair (Cigireacht feirme)**

- Ní theastaíonn fógra a thabhairt le haghaidh seiceálacha ar an láthair REPS.
- Cuirfidh an cigire é/í féin in aithne agus inseoidh sé/sí an chúis atá leis an seiceáil ar an láthair.
- Inseoidh an cigire don fheirmeoir an fáth gur roghnaíodh sé/sí don chigireacht ar an láthair.
- Is féidir leis an bhfeirmeoir a bheith in éineacht leis an gcigire le linn na seiceála ar an láthair.
- Tabharfar an deis don fheirmeoir an tuarascáil rialaithe a shíniú chun a fhianú go raibh sé/sí i láthair ag an seiceáil ar an láthair agus chun tuairimí a thabhairt.
- Nuair a fhaightear mírialtachtaí gheobhaidh an feirmeoir cóip den tuarascáil rialaithe.
- Leanfaidh an cigire ar aghaidh leis an seiceáil ar an láthair mura bhfuil an feirmeoir i láthair.

### **Pionóis**

- Cuirfear pionóis i bhfeidhm i REPS de réir an sceidil pionóis a áiríodh sa doiciméad Téarmaí agus Coinníollacha.
- Is féidir leis an bhfeirmeoir achomhairc maidir le tasc pionóis a dhéanamh chuig an oifig áitiúil AES agus freisin chuig an Oifig Achomhairc Talmhaíochta neamhspleách.

### **eREPS**

- Caithfear gach plean REPS 4 a chur isteach ag baint úsáide as eREPS, an córas pleanála leictreonach atá ceadaithe ag an Roinn.

### **Foirmeacha**

- Is féidir doiciméid scéime do scéimeanna REPS reatha a fháil ó oifigí áitiúla AES agus ar láithreán gréasáin na Roinne.

## 5. SCÉIMEANNA LUATHSCOIR/SUITEÁLA d'FHEIRMEOIRÍ ÓGA

*Ag tráth an fhoilseacháin cuireadh an Scéim Luathscóir agus Suiteála d'Fheirmeoirí Óga ar fionraí maidir le hiarratais nua. Baineann na tiomantais thíos le conarthaí faoin scéim atá ann cheana féin.*

### **An Scéim Luathscóir**

#### **Dátaí Iarratais/Foirmeacha:**

Iarratas ar feadh na bliana.

#### **Seiceálacha Riaracháin:**

Beidh iarratais faoi réir seiceáil riaracháin ar dtús lena chinntiú go bhfuarthas croídoiciméid agus ansin déanfaidh an Chigireacht seiceáil teicniúil mionsonraithe.

#### **Cigireacht:**

Roghnaítear 5% d'iarratais le haghaidh cigireachta réamh-íocaíochta gan fógra. Déanfar cigireachtaí iar-íocaíochta bliantúil chomh maith ar 5% de rannpháirtithe.

#### **Saincheisteanna Comhlíonta:**

D'fhéadfaí pionós airgid a ghearradh má theipeann ar an aistreoir nó ar an aistrí cloí le téarmaí agus coinníollacha na Scéime.

#### **Íocaíocht:**

Cuirfear tús le híocaíocht pinsin laistigh de 3 nó 6 seachtaine den cheadú agus eiseofar tuilleadh íocaíochtaí go míosúil ina dhiaidh sin le linn fhad an phinsin.

#### **Fráma Ama**

Seiceáil bailíochtaithe  
Riaracháin laistigh de  
3 seachtaine

#### **Cigireacht**

5% réamh-íocaíocht  
  
5% iar-íocaíochta

#### **Íocaíocht**

Cuirfear tús le  
íocaíocht pinsin  
laistigh de 3 nó 6  
seachtaine den  
cheadú.

9 seachtaine le haghaidh ceadaithe a  
Eisiúint tar éis iarratas bailí a fháil  
(11 seachtain má tá sé/sí roghnaithe le  
haghaidh chigireacht réamh-íocaíochta

Déanfar tuilleadh  
íocaíochtaí go  
míosúil ina dhiaidh  
sin le linn fhad an  
phinsin

### **Scéim Cabhair Shuiteála d'Fheirmeoirí Óga**

Tabharfar deontas aon uaire €15,000 d'fheirmeoirí faoi 35 bliana d'aois atá ag dul i mbun feirmeoireachta don chéad uair.

#### **Dátaí Iarratais/Foirmeacha**

Iarratas ar feadh na bliana – próiseas iarratais dhá chéim (foirmeacha YFIS 1 & YFIS 2)

YFIS 1 – aighneacht laistigh de 12 mí ó cuireadh tús leis an bhfeirmeoireacht; pionós 1% do gach lá oibre ina dhiaidh sin

YFIS 2 – aighneacht laistigh de 36 mí ó cuireadh tús leis an bhfeirmeoireacht; pionós 10% do gach mí ina dhiaidh sin

### **Seiceálacha Riaracháin**

Seiceálacha Réamh-cheadaithe agus réamh-íocaíochta

### **Cigireacht**

10% cigireacht réamh-íocaíochta

### **Saincheisteanna Comhlíonta**

Caithfidh an t-iarratasóir, inter alia, a bheith bunaithe ar ghabháltas agus caithfear an cinneadh, i bprionsabal, maidir le ceadú an deontais a dhéanamh laistigh de 18 mí. Caithfidh gach iarrathóir plean gnó a chríochnú agus déanfaidh an Roinn athbhreithniú laistigh de thréimhse cúig bliana tar éis an dáta bunaithe chun a chinntiú go gcomhlíontar an plean gnó.

### **Íocaíocht**

Déanfar íocaíocht tar éis bhailíochtaithe na foirme YFIS 2

#### **Fráma Ama**

#### **Iarratas:**

10 seachtaine le haghaidh eisiúint an cheadaithe tar éis an YFIS 2 a fháil

(12 seachtainmá tá sé/sí roghnaithe le haghaidh cigireachta réamh-íocaíochta)

#### **Cigireacht:**

10% cigireacht réamh-íocaíochta

#### **Íocaíocht:**

Eiseofar íocaíocht laistigh de 5 seachtaine



## 6. SCÉIMEANNA INFHEISTÍOCHTA AR AN BHFEIRM

Leanfaidh íocaíochtaí chuig iarratasóirí ceadaithe faoi na Scéimeanna seo a leanas arna mbunú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 -2006 nó faoin gClár Forbartha Tuaithe 2007-2013:

- Scéim Sláinteachais Déiríochta
- Scéim Fiontair Malartach
- Scéimeanna Leasa Muc 2005 agus 2007
- Scéim Próiseála Dramhaíola Píolótaí 2006

### **Íocaíocht**

Ceadófar íocaíocht laistigh de 8 seachtaine tar éis an éilimh a bheith faighte; eiseofar íocaíocht laistigh de 4 seachtaine de bhailíochtú an éilimh

### **Scéim Bainistíochta Dramhaíola Feirme**

Déanfar íocaíocht ar dheontais nár íocadh fós faoin Scéim Bainistíochta Dramhaíola Feirme leasaithe, a tugadh isteach i Márta 2006, ar bhonn céimnithe.

Íocfar an chéad 40% chuig feirmeoirí chomh luath agus is féidir, tráth nach dearnaí ná 30 Meitheamh 2009. Íocfar 40% breise faoi 15 Eanáir 2010 agus an 20% eile faoi 15 Eanáir 2011.

Áireofar leis an íocaíocht dheiridh in 2011 íocaíocht ex-gratia speisialta nach mbeidh níos mó ná 3.5 faoin gcéad de luach an mhéid iarchurtha.

### **Costais Chaighdeánacha**

Maidir le scéimeanna atá ar fionraí nó scéimeanna nua, tabharfar aghaidh ar shaincheist na gcostas caighdeánacha i gcomhthéacs athbhunú nó tús na scéimeanna i gcomhchomhairle leis na gcomhlachtaí feirme.

## 7. DEONTAS COILLTEOIREACHTA AGUS SCÉIMEANNA PRÉIMHE

### Dátaí Iarratais/Foirmeacha

Níl aon spriocdhátaí maidir le hiarratais a bheith faighte do na scéimeanna. Úsáidtear foirm iarratais chaighdeánach (Foirm 1) le haghaidh réamhcheadú a fháil sna scéimeanna ar fad. Caithfidh gach forbairt foraoiseachta réamhcheadú i scríbhinn a fháil ón Roinn. Ní bheidh aon fhorbairt a leanann ar aghaidh gan ceadú den sórt sin a bheith faighte, incháilithe le haghaidh cúnaimh deontais.

### Seiceálacha Riaracháin

- Tá gach iarratas atá le ceadú aitheanta ag bileog aitheantais caighdeánaithe
- Cuirtear an iarratas ar aghaidh chuig an Cigire iomchuí le haghaidh luachála agus moltaí – áirítear sa luacháil scagtha sonraithe E.I.A.
- Má aithnítear aon bhreithniú comhshaoil d'fhéadfaí an t-iarratas a chur ar aghaidh chuig comhlacht forordaithe m.sh. Seirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Údarás Áitiúil nó Bord Iascaigh. Teastaíonn próiseas comhchomhairle poiblí ó láithreáin ar leith sa chatagóir seo.
- Má tá an láthair níos mó ná 2.5 heicteár cuirfear mionsonraí an iarratais ar láithreán gréasáin na Roinne
- Má tá an fhorbairt bheartaithe níos mó ná 25 heicteár cuirfear an t-iarratas ar aghaidh chuig an Údarás Áitiúil iomchuí chun tuairimí a fháil.
- Má tá an láthair níos mó ná 50 heicteár teastaíonn Measúnú Tionchair Comhshaoil
- Seoltar fógraí maidir le dul chun cinn an iarratais chuig na hiarratasóirí laistigh de 6 seachtaine

Is é an fráma ama le haghaidh comhairle leis na gcomhlachtaí seo ná uasmhéid de 2 mí. Tá an tSeirbhís Foraoise tiomanta d'idirchaidreamh leanúnach le gach comhairle chun a chinntiú go gcoinneofar amanna slánúcháin chomh híseal agus is féidir.

### Cigireachtaí – Ceadú

Seachas aon tarchuir riachtanacha chuig comhlachtaí forordaithe, faigheann thart ar 40% d'iarratais coillteoireachta cigireachtaí réamh-cheadaithe. Féachtar ar na láthaireacha ó treoíocht foraoiseolaíochta agus comhshaoil. Scrúdóidh an cigire na moltaí oibríochtúla ar ullmhú talaimh, roghnú speicis, stócaíl agus spásáil plandaí, riachtanais draenála agus leasacháin. Má tá an Roinn sásta go leanfaidh an fáschoill ar aghaidh eiseofar litir cheadaithe ag léiriú na téarmaí agus na coinníollacha a chaithfear a chomhlíonadh chun leanúint leis an bplandú.

### Íocaíocht

Caithfear iarratais ar íocaíocht a chríochnú agus a shíniú nuair a chuireann an t-iarratasóir agus an foraoiseoir ceadaithe araon isteach an t-iarratas. Íocann na Scéimeanna Coillteoireachta, FEPS agus Coillearnaigh Dúchasacha (Bunú) méid seasta i dteannta le soláthar do chostais fálaithe. Tá na scéimeanna foraoiseachta eile bunaithe go hiomlán ar chostais agus caithfear fianaise cháipéiseach na gcostas a caitheadh agus admhálacha do na nithe a ceannaíodh a chur ar fáil.

Tá thart ar 40% d'iarratais faoi réir ag cigireacht láithreáin. Nuair a bheidh an tSeirbhís Foraoiseachta sásta go ndearnadh na hoibreacha de réir chomhlíonadh na scéime, íocfar an deontas coillteoireachta agus an chéad préimh. Tá an dara tráthchuid deontais iníoctha tar éis an cheathrú bliana, faoi réir ag bunú sásúil na fáschoille. Íoctar préimheanna go bliantúil ar feadh fiche bliain d'feirmeoirí agus 15 bliain dóibh siúd nach feirmeoirí iad. Seoltar foirm éilimh chuig úinéirí foraoise ar bhonn bliantúil. Iarrtar ar an úinéir a dhearbhu, inter alia, go bhfuil an fáschoille á chothabháil agus go leanann sé/sí ag freastal ar choinníollacha na scéime, i measc nithe eile.

## Saincheisteanna Comhlíonta

Níor chóir d'iarratasóir éileamh a dhéanamh ar dheontas foraoiseachta nó íocaíocht préimhe maidir le haon ceantar, a áirítear faoi aon scéim eile a bhaineann le ceantair ar nós an scéim REPS agus an Scéim Íocaíochtaí Aonair, scéimeanna arna riaradh ag an Roinn.

Chun a chinntiú gurb é sin an cás, úsáideann an Roinn teicneolaíocht mapála ríomhaire chun an ceantar a éilítear a thomhas agus cros-seiceáil a dhéanamh ar an léarscáil a tugadh in aghaidh thaifead na Roinne.

| <b>Iarratas</b>  | <b>Fráma Ama<br/>Cigireacht</b>  | <b>Íocaíocht</b>   |
|--|--|--|
| Ar feadh na bliana   | <i>Scéimeanna Deontas</i>  |  |
| Ar feadh na bliana<br>Ceaduithe laistigh de 10 seachtaine ach amháin sa chás go dteastaíonn comhchomhairle poiblí faoi reacht; 14 seachtaine sna cásanna seo nuair is praiticiúil. Má fheidhmíonn agóideoirí a gceart achomhairc reachtúil laistigh de 21 lá ó eisíodh an cheadaithe, ní féidir leis an gcustaiméir leanúint ar aghaidh leis an bplandú go dtí go gcinnítear an achomharc. | 40% den leibhéal cigireachta laistigh de cheithre seachtaine tar éis iarratais a bheith faighte. Tabharfar fógra roimh ré maidir le cigireachtaí d'úinéirí talún nuair is praiticiúil. | Laistigh de sé seachtaine le haghaidh cásanna neamhchigireachta nó deich seachtaine má theastaíonn cigireacht. |
| <i>An Scéim Prémhe Foraoiseachta</i>   |  |  |
| Cigireacht ar feadh na bliana  | Ní bheidh aon chigireacht réamh-íocaíochta. Cigireachtaí gan choinne bhliantúil.   | Íocfar an chuid is mó den íocaíocht i Márta ach leanann íocaíochtaí ar aghaidh le linn na bliana.              |

Soláthraíonn an Roinn Córas Fiosraithe ar Líne, a chuireann ar chumas foraoiseoirí cáilithe, féachaint, tríd an Idirlíon, ar stádas na n-iarratas agus conarthaí ag an gcéad chéim tráthchuid deontais. Tá sé pleanáilte an córas ar líne seo a leathnú chun a chur ar chumas na bhforaoiseoirí iarratais ar na scéimeanna a chur isteach ar líne.

## 8. SCÉIMEANNA SLÁINTE AINMHITHE

### Scéimeanna Dhíothaithe Brúsalóise agus Eitinne

#### Ginearálta - Eitinn

I gcás riosca ard meatha eitinne a bhaineann le níos mó 4 imoibreoir tabharfaidh cigire tréadliachta ón Oifig Tréadliachta Ceantair (DVO) cuairt ar an úinéir tréada, ar an deis is luaithe a chomhaontófar, laistigh de mhí amháin den srian chun foinse an mheatha a chinntiú. Nuair a chríochnaítear an t-imscrúdú, cuirfidh an cigire na torthaí agus na bearta bithshlándála iomchuí in iúl don úinéir tréada. Nuair a aithnítear broic mar an fhoinsé is dóchúla don mheath, déanfar na broic a ghabháil de réir na dtreoirlínte a bheidh comhaontaithe leis an Roinn Comhshaoil agus an Rialtais Áitiúil agus cuirfear tús leis, laistigh de 4 mhí ó shriain an ghabháil, seachas le linn na míonna den tréimhse dhúnta ag tús na bliana, nuair nach féidir gabháil a dhéanamh i gceantair nua de bharr cúrsaí póraithe. Déanfar áth shuirbhéireacht agus athghabháil ar na ceantair atá i gceist, uair amháin gach 12 mhí thar thréimhse 5 bliana ó cuireadh tús le gabháil na mbroc. Cuirfear úinéirí tréada ar an eolas maidir le tús na ngabhálacha agus deireadh gach próisis ghabhála, agus an líon broc a gabhadh.

Tar éis na sriana, tabharfar leabhrán d'úinéirí tréada dar teideal "Compensation Arrangements for TB and Brucellosis-Important Information for the Farmer", (dá dtagraítear anseo ina dhiaidh seo mar an Leabhrán Eolais), a leagann amach mionsonraí na socrúithe cúitimh. Léiríonn an méid seo a leanas príomh-mhéireanna na scéimeanna cúitimh ach níl sé in ainm is gach gné a chlúdach, atá leagtha amach ar bhealach níos mionsonraithe sa Leabhrán Eolais agus i Leabhrán Scéimeanna agus Seirbhísí na Roinne. Moltar d'fheirmeoirí chomh maith plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a dhéanann imní dóibh leis an Oifig Tréadliachta Ceantair Áitiúil.

#### An Scéim Luachála Margaidh Ar an bhFeirm

- Déanfaidh luachálaithe cuí-cháilithe luacháil ar eallaigh a aistrefar mar imoibreoirí de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos sa Leabhrán Eolais atá luaite thuas. Soláthróidh an Roinn liostaí praghsanna a choimre a léiríonn luachanna ar an margadh don úinéir tréadaí ag an am céanna leis an leabhrán agus i gcás srianta sínithe tar éis nochta tuilleadh imoibreoirí.
- Déanfaidh an fhoireann OFMV teagmháil leis an úinéir tréada tar éis nochtheadh imoibreoirí sa tréad chun luachálaí a roghnú agus, tar éis an próisis luachála a chríochnú, socróidh an Oifig Tréadliachta Ceantair (DVO) aistriú na n-ainmhithe.
- Soláthrófar na húinéirí tréada le hainmneacha cúigear luachálaithe oiriúnacha a chónaíonn laistigh de 80 ciliméadar den ghabháil inar tharla an mheath. I gcásanna a bhaineann le tréada a mheasann an Roinn atá ina dtréada "ardfiúntais speisialtachta" (m.sh. ginealaigh, bainne taifeadta/meáchan taifeadta, aicmiú cineáil/scóráil líneach), leathnófar ga an phainéil luachálaithe thar an teorainn atá luaite thuas.
- Ní mór do luachálaithe tabhairt faoi luachálacha laistigh de 3 lá oibre ó fhógra na Roinne agus na luachálacha a léiriú i scríbhinn chuig an Roinn agus an feirmeoir (Foirm V13) laistigh de 2 lá oibre ó chríochnófar na luachálacha. Íocfaidh an Roinn as costas an chéad luacháil.
- Beidh 4 lá oibre ag an Roinn agus an feirmeoir araon tar éis na céad luachála a bheith faighte chun na luachanna a bheidh luaite a bhreithniú agus glacacht/diúltú a dheimhniú. Is í an fhoirm chuí don fheirmeoir i leith seo ná **Foirm V8**.

- Sa chás nach nglacfaidh an úinéir tréada nó an Roinn leis an gcéad luacháil is féidir achomharc a dhéanamh chuig luachálaí eile ar an bpainéal. Is féidir leis an bpáirtí atá ag déanamh an achomhairc an luachálaí a roghnú ón liosta atá curtha ar fáil. Íocfaidh an Roinn costas iomlán na n-achomharc a thionscnaigh sí agus íocfaidh an feirmeoir cuid de chostas an achomhairc a thionscnaigh sé/sí.
- Mura dtagtar ar chomhaontú tar éis achomhairc, is féidir leis an úinéir tréada nó an Roinn an cheist a chur ar aghaidh chuig Painéal Eadrána agus tá a chinneadh ceangailteach ar an dá pháirtí. Ní mór iarratas ar achomhairc chuig an bPainéal Eadrána a chur ar aghaidh chuig an Roinn i scríbhinn laistigh de 6 seachtaine ó luacháil an achomhairc. I gcás go dtarlaíonn éisteacht Eadrána, cinnfidh an Painéal Eadrána cé a íocfaidh costas an próisis Eadrána.
- Ag feitheamh ar chinneadh ón bPainéal Eadrána, íocfaidh an Roinn íocaíocht eatramhach idir 85% - 90% den íosluacháil.
- Nuair is mian leis an úinéir tréada eallaigh a aistriú chuig tréad a bheidh srianta le haghaidh eitinne, cuirfidh an Oifig Tréadliachta Ceantair (DVO) í/é ar an eolas maidir le na himpleachtaí a bhaineann leis sin ó thaobh íocaíochtaí cúitimh.

#### **Nós Imeachta Achomhairc le haghaidh Gnéithe Neamh-Luachála Scéimeanna Eadrána**

Tá an nós imeachta achomhairc a bhaineann le **luacháil** ainmhithe leagtha amach thuas. Is mar seo a leanas atá an sásra achomhairc le haghaidh **saincheisteanna eile a bhaineann le híocaíocht**:

- (i) Nuair is mian le húinéir tréada iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú an chinnidh a bhaineann lena (h)íocaíocht, ba chóir dó/di scríobh chuig an Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin (HEO) san Oifig Tréadliachta Ceantair áitiúil (DVO) ag leagan amach na saincheisteanna atá le breithniú agus iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú an chinnidh ar thángthas air. Tabharfar deis don úinéir tréada, mura n-éiríonn leis/léi san athbhreithniú, an cás a achomhairc níos faide chuig an to the Príomhoifigeach Réigiúnach Cúnta (RAP).
- (ii) Má bhíonn an t-úinéir tréada, tar éis chinneadh an Phríomhoifigigh Réigiúnaigh Chúnta RAP a fháil, fós míshásta leis an gcinneadh, is féidir leis/léi achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh chuig **An Oifig Achomhairc Talmhaíochta, Cúirt Choill Mhinsin, Port Laoise, Co. Laoise.**

#### **Critéir Ghinearálta a bhaineann le scéimeanna Brúsalóise agus Eitinne**

##### **Seiceálacha Riaracháin**

Déanfar seiceálacha roimh eisiúint na n-íocaíochtaí chun a chinntiú go bhfuil na doiciméid ábhartha ar fad ar fáil agus nár sháraigh an úinéir/coimeádaí aon fhoráil den Acht um Ghalair Ainmhithe 1966, aon Orduithe a rinneadh ina dhiaidh sin, nó gluaiseacht, aitheantas agus rialaithe eile atá leagtha síos sna Scéimeanna Díothaithe Galair.

##### **Saincheisteanna Comhlíonta**

Tá teidlíocht ar íocaíocht cúitimh ar choinníoll go bhfreastalaíonn an t-úinéir/coimeádaí lena mbaineann ar na riachtanais a ghabhann leis na scéimeanna éagsúla, lena n-áirítear na riachtanais san Acht um Ghalair Ainmhithe 1966 a chomhlíonadh, aon ordú a rinneadh ina dhiaidh sin, agus le rialacháin AE/náisiúnta ag rialú na gluaiseachta, aitheantas agus clárú eallaigh. Is féidir leis an Aire íocaíocht

cúitimh a dhiúltú, go hiomlán nó i bpáirt, sa chás nach ndéanann an úinéir/coimeadaí na forálacha atá luaithe cheana a shásamh nó sa chás go mbíonn an tAire sásta gur theip ar an úinéir/coimeadaí comhoibriú le hoifigiúch údaráithe nó Cigirí Tréidliachta na Roinne ó thaobh a ndualgas a chomhlíonadh faoi na Scéimeanna.

### **Fráma Ama le haghaidh íocaíocht cúitimh faoi na Scéimeanna Dhíothaithe Brúsalóise agus Eitinne**

Am Sprice Seachadta Seirbhíse

| <b>Seirbhís</b>   | <b>Spríoc-Am Seachadta</b>  |
|---|---|
| Cúitimh – Scéimeanna Dhíothaithe Bólachta Brúsalóise agus Eitinne | Íocfar cúitimh Brúsalóise agus Eitinne laistigh de <b>3 seachtaine</b> ón dáta a fuarthas an doiciméadacht ceart a bhí riachtanach nó an incháilitheacht mar atá sna téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le scéimeanna cúitimh aonair: Scéim Luachála ar an bhFeirm, Scéim Ioncaim Teaghlaigh, Scéim Deontais Cruatain agus an Scéim Deontais Dídháonraithe. |

### **Scéimeanna Sláinte Ainmhithe Eile**

#### **BSE**

Faoi láthair cuireann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFF) polasaí páirt-dídháonraithe i bhfeidhm nuair a dheimhnítear BSE i dtréad. Áirítear leis sin (i) fáil réidh leis na hainmhithe a bhfuil BSE orthu (ii) cohóirt breithe agus beathú (mar a shainmhínítear i reachtaíocht an AE) agus (iii) an sliocht, le cúiteamh íoctha faoi Luacháil ar an bhFeirm. Tagann an cur chuige seo le reachtaíocht an AE agus riachtanais OIE agus is cleachtas caighdeánach é anois i bhformhór na mballstát.

Tar éis fógra a fháil maidir le diagnóisiú BSE deimhnithe, socróidh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFF) go ndéanfar luacháil ar an aimhní/aimhnithe de réir Ionstraim Reachtuil Uimh. 195 de 1990.

Tá dualgas ar an úinéir tréada/coimeádaithe cuntas sásúil a thabhairt ar ainmhithe atá cláraithe ina dtréada de réir an Chórais Ríomhaire Sláinte Ainmhithe (AHCS) ag tráth an deimhnithe BSE. Caithfidh úinéirí tréada/coimeádaithe a chinntiú go mbeidh aon ainmhí a chuirfeadh i láthair le haghaidh luachála cláraithe ina n-uimhir tréada de réir an Chórais Ríomhaire Sláinte Ainmhithe (AHCS). Ba chóir aon neamhréireachtaí a phlé le foireann an NBAS ag an Oifig Tréadliachta Ceantair áitiúil (DVO).

#### **An Scráibeach**

Ó mí Dheireadh Fómhair 2003, déantar géinitíopú ar thréada ina ndeimhnítear Scráibeach, agus ní dhéantar dídháonrú nó sléacht lasmuigh den bhiashlabhra ach amháin ar na hainmhithe is so-ghabhálaí don ghalar.

Tá cúiteamh iníoctha faoi Luacháil ar an bhFeirm le haghaidh póraithe ainmhithe, agus tar éis diúscartha a dhéanamh ar na hainmhithe póraithe is so-ghabhálaí tá íocaíocht cruatain €84 do gach caorach póraithe diúscartha iníoctha chomh maith.

Beidh deis ag úinéirí tréada luachálaí a roghnú ó liosta de chúigear ina bpobail, ar choinníoll go mbeidh siad ar fáil, agus ar an gcoinníoll nach gcuirfí an roghnú sin moill ar luacháil níos mó ná 14 lá ó dháta an roghnaithe. Sa chás nach mbeidh an chéad luachálaí a roghnaíodh ar dtús ar fáil, beidh deis acu luachálaí eile a roghnú. Ceadófar achomharc luachála má bhíonn

an úinéir tréada míshásta leis an gcéad luacháil. Má bhíonn an úinéir míshásta leis an achomharc luachála is féidir leis/léi iarratas a dhéanamh chun ceist na luachála a chur ar aghaidh chuig eadránaí. Tiocfaidh an achomharc luachála in áit an luacháil bhunaidh agus beidh torthaí an eadránaí ceangailteach ar an dá pháirtí. Féadfaidh an Roinn achomharc ar luachálacha a fháil chomh maith agus an saincheist a chur ar aghaidh chuig eadránaí.

#### **Cúiteamh iníochta le haghaidh diúscartha uan**

Tá an Roinn tiomanta do leanúint ar aghaidh le pléítí leis na heagraíochta feirme chun éifeachtúlacht géinitíopaíochta (nós Imeachta Samplála srl.), luachála agus ceadaithe a fheabhsú.

| <b>Dátaí Sceidil Íocaíochta BSE agus Scráibeach</b> |  |
|---|--|
| <b>Seirbhís</b>                                     | <b>Íocaíocht</b>   |
| Cúiteamh BSE  | Íocfar íocaíochtaí laistigh de 3 seachtaine ó chuirfear doiciméid chríochnaithe ar fáil. |
| Cúiteamh Scráibeach                                 | Íocfar íocaíochtaí laistigh de 3 seachtaine ó chuirfear doiciméid chríochnaithe ar fáil. |

## IARSCRÍBHINN

### Lamháltas i leith mioncásanna neamhchomhlíonta

In 2004/2005 (i gcomhthéacs idirbheartaíochtaí ar an gCairt Cearta d'Fheirmeoirí) glacadh le córas meáchain in Éirinn laistigh de réimeas chigireachta tras-chomhlíonta ina dtugtar aird ar leith ar sháruihte riachtanas tras-chomhlíonta a bhíonn, leo féin, gan choinne agus mion, ní tharlaíonn siad de bharr faillí ón bhfeirmeoir agus is féidir leo tarlú in imthosca praiticiúla feirmeora. In imthosca den sórt sin cuirtear leibhéal áirithe lamháltas i bhfeidhm agus ag an am céanna, cuirtear an feirmeoir ar an eolas maidir leis an sárú. Cinntíonn an córas a forbraíodh go gcuirtear aon pionós i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe ar fud na tíre. Tar éis athbhreithniú an Choimisiúin maidir le tras-chomhlíonadh in 2007, comhaontaíodh leasú chuig an Rialachán ón gComhairle in Eanáir 2008 a cheadaíonn do na Ball-Stáit córas lamháltas i leith mioncásanna neamhchomhlíonta a fheidhmiú le héifeacht ón 1 Eanáir 2008 ar an gcoinníoll go ndéantar gníomh feabhais laistigh de 3 mhí. Nuair a dhéantar gníomh den sórt sin tabharfaidh sé uaidh féin toradh de chigireacht ghlan.

Cuirtear meáchan i bhfeidhm nuair a fhaightear neamhchomhlíonadh le linn cigireachta. Ó thaobh meáchain suas go dtí 6 agus sin san áireamh ní chuirtear aon pionós i bhfeidhm ach caithfear an neamhchomhlíonadh a leigheas laistigh de 3 mhí.

| Meáchan       | Pionós         |
|---------------|----------------|
| <=6           | Níl aon pionós |
| 6 agus <=26   | 1%             |
| >26 agus <=46 | 3%             |
| >46           | 5%             |

### Ní bheidh smachtbhanna mar thoradh ar na nithe a leanas, leo féin, faoin Aitheantas agus Clárú Bólachta

Aon líon d'ainmhithe le clib amháin inár thit an dara clib amach  
Neamhréireachtaí sa Chlár Tréada (éagsúil ó theipeadh i gcothabháil clár)  
Clár Tréada neamhchomhlánaithe ach duillíní ábhartha curtha ar fáil leis an gclár  
Iontrálacha ar iarraidh ón gClár Tréada (éagsúil ó theipeadh i gcothabháil clár)  
Neamhréireachtaí Pasanna  
Pasanna a chuirtear amú  
2 ainmhí le dhá chlib ar iarraidh i dtréada ina bhfuil suas le 150 ainmhí  
3 ainmhí le dhá chlib ar iarraidh i dtréada de 151 go dtí 300 ainmhí  
4 ainmhí le dhá chlib ar iarraidh i dtréada le os cionn 300 ainmhí  
Earráid Chléireachais i bpróiseas fógra CMMS  
Fógra CMMS mícheart  
2 ainmhí nach bhfuil fógraithe do CMMS i dtréada ina bhfuil suas le 150 ainmhí  
3 ainmhí nach bhfuil fógraithe do CMMS i dtréada de 151 go dtí 300 ainmhí  
4 ainmhí nach bhfuil fógraithe do CMMS i dtréada le os cionn 300 ainmhí

### Ní bheidh smachtbhanna mar thoradh ar na meascáin seo a leanas de gach atá luaithe thuas:

Neamhréireachtaí sa chlár agus ag brath ar méid tréada na n-ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh  
Neamhréireachtaí sa chlár agus earráid chléireachais san fhógra  
Neamhréireachtaí Pasanna ag brath ar méid tréada na n-ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh  
Neamhréireachtaí Pasanna agus earráidí chléireachais san fhógra  
Pasanna a chuirtear amú agus fógra mícheart  
Ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh (ag brath ar mhéid tréada) agus earráidí chléireachais san fhógra  
Ainmhithe le dhá chlib ar iarraidh (ag brath ar méid tréada) agus fógra mícheart



**Ní bheidh smachtbhanna mar thoradh ar na cásanna seo a leanas, leo féin, faoin Aitheantas agus Clárú Bólachta**

Neamhréireachtaí sa Chlár Tréada (éagsúil ó teipeadh i gcothabháil clár)  
Clár Tréada neamhchomhlánaithe ach duillíní ábhartha curtha ar fáil leis an gclár  
Iontrálacha ar iarraidh ón gClár Tréada (éagsúil ó theipeadh i gcothabháil clár)  
Neamhréireachtaí daonáireamh  
Níor críochnaíodh daonáireamh le bliain anuas  
Caoirigh a ndearnadh clibeáil mícheart orthu.  
4 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada ina bhfuil suas le 50 ainmhí  
5 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada de 51 go dtí 100 ainmhí  
8 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada de 101 go dtí 150 ainmhí  
10 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada de 151 go dtí 200 ainmhí  
13 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada de 201 go dtí 250 ainmhí  
16 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada de 251 go dtí 300 ainmhí  
19 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada de 301 go dtí 400 ainmhí  
24 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada de 401 go dtí 600 ainmhí  
30 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada le os cionn 601 go dtí 1,000 ainmhí  
36 ainmhí le clibeanna ar iarraidh i dtréada le os cionn 1,000 ainmhí  
Earráid chléireachais sa doiciméad seolta

**Ní bheidh smachtbhanna mar thoradh ar na meascáin seo a leanas de gach atá luaite thuas:**

Neamhréireachtaí sa chlár ag brath ar mhéid tréada na n-ainmhithe le clibeanna ar iarraidh  
Neamhréireachtaí sa chlár agus earráidí cléireachais sa doiciméad seolta  
Iontrálacha ar iarraidh ón gclár agus ag brath ar mhéid tréada na n-ainmhithe le clibeanna ar iarraidh  
Iontrálacha ar iarraidh ón gclár agus earráidí cléireachais sa doiciméad seolta  
Neamhréireachtaí sa daonáireamh agus ag brath ar mhéid tréada na n-ainmhithe le clibeanna ar iarraidh  
Ainmhithe le clibeanna ar iarraidh (ag brath ar mhéid an tréada) agus earráidí cléireachais sa doiciméad seolta